# DÁIL ÉIREANN

*Déardaoin*, 26 *Samhain*, 2009
*Thursday*, 26*th November*, 2009

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

*Déardaoin*, 26 *Samhain*, 2009
*Thursday*, 26*th November*, 2009

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

**12.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Creat-Chinneadh ón gComhairle maidir le soláthróirí seirbhísí dlí-eolaíochta a sheolann gníomhaíochtaí saotharlainne a chreidiúnú [*Arna breithniú ag an Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 25 Samhain, 2009*].

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Framework Decision on Accreditation of forensic service providers carrying out laboratory activities [*Considered by the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 25th November, 2009*].

**13.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Creat-Chinneadh ón gComhairle maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus maidir le híospartaigh a chosaint, lena n-aisghairtear Creat-Chinneadh 2002/629/JHA [*Arna breithniú ag an Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 25 Samhain, 2009*].

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Framework Decision on preventing and combating trafficking in human beings, and protecting victims, repealing Framework Decision 2002/629/JHA [*Considered by the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 25th November, 2009*].

**14.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i ndáil le nithe coiriúla [*Arna breithniú ag an Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 25 Samhain, 2009*].

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and Japan on mutual legal assistance in criminal matters [*Considered by the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 25th November, 2009*].

**15.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Sonraí Teachtaireachtaí Airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú [*Arna breithniú ag an Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan an 25 Samhain, 2009*].

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and the United States of

P.T.O.

America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme [*Considered by the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on 25th November, 2009*].

**15*a*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Cinneadh ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Decision on the use of information technology for customs purposes.

**47.** An Bille Uchtála 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Adoption Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

**3.** An Bille um Iascach Intíre 2009 — Ordú don Dara Céim.
Inland Fisheries Bill 2009 — Order for Second Stage.

**FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA**
**NOTICE OF NEW BUSINESS**

**2*a*.** An Bille um Imeall Trá agus um Dhumpáil ar Farraige (Leasú) 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Foreshore and Dumping at Sea (Amendment) Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage.

**42*a*.** Meastacháin Fhorlíontacha i gcomhair Seirbhísí Poiblí [Vótaí 19, 20, 22, 27, 30, 31, 34, 37 agus 40].
Supplementary Estimates for Public Services [Votes 19, 20, 22, 27, 30, 31, 34, 37 and 40].

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Billí ón Seanad : Bills from the Seanad*

**2*a*.** An Bille um Imeall Trá agus um Dhumpáil ar Farraige (Leasú) 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Foreshore and Dumping at Sea (Amendment) Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage.

---

*Billí a thionscnamh : Initiation of Bills*

*Tíolactha:*
*Presented:*

**3.** An Bille um Iascach Intíre 2009 — Ordú don Dara Céim.
Inland Fisheries Bill 2009 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do bhunú comhlachta ar a dtabharfar, sa Bhéarla, *Inland Fisheries Ireland* nó, sa Ghaeilge, Iascach Intíre Éireann agus do mhíniú a fheidhmeanna, do dhíscaoileadh an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na mBord Iascaigh Réigiúnach, do dhéanamh socrú i dtaobh nithe eile a bhaineann leis na nithe sin roimhe seo agus do leasú agus do leathnú na nAchtanna Iascaigh 1959 go 2007.

Bill entitled an Act to establish a body to be known as, in the English language, Inland Fisheries Ireland or, in the Irish language, Iascach Intíre Éireann and to define its functions, to dissolve the Central Fisheries Board and Regional Fisheries Boards, to provide for other matters connected with the foregoing and to amend and extend the Fisheries Acts 1959 to 2007.

*—An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.*

---

*Tabhairt Isteach:*
*Introduction:*

**8*a*.** An Bille Bia (Cóirthrádáil agus Faisnéis) 2009 — An Chéad Chéim.
Food (Fair Trade and Information) Bill 2009 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú, ar mhaithe le leas an phobail, chun toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí lena gcoisctear, lena sriantar nó lena saobhtar cóirthrádáil in earraí grósaera sa Stát, agus do dhéanamh socrú chun faisnéis ar an trádáil ghrósaeireachta in Éirinn a bhailiú agus a fhoilsiú, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to to provide, in the interests of the common good, for the prohibition of activities which prevent, restrict or distort fair trade in grocery goods in the State, and to provide for information on the grocery trade in Ireland to be gathered and published, and to provide for related matters.

*—Michael Creed, Andrew Doyle.*

---

P.T.O.

**12.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le soláthróirí seirbhísí dlí-eolaíochta a sheolann gníomhaíochtaí saotharlainne a chreidiúnú,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 3 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

a proposal for a Council Framework Decision on Accreditation of forensic service providers carrying out laboratory activities,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 3rd November, 2009."

*—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

---

**13.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus maidir le híospartaigh a chosaint, lena n-aisghairtear Creat-Chinneadh 2002/629/JHA,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 4 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

a proposal for a Council Framework Decision on preventing and combating trafficking in human beings, and protecting victims, repealing Framework Decision 2002/629/JHA,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 4th November, 2009."

*—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

---

**14.** " Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i ndáil le nithe coiriúla,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 12 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and Japan on mutual legal assistance in criminal matters,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 12th November, 2009."

*—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

**15.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Sonraí Teachtaireachtaí Airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 17 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and the United States of America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 17th November, 2009."

*—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

**15*a*.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision on the use of information technology for customs purposes,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 25th November, 2009."

*—An tAire Airgeadais.*

**42*a*.** "Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí [2009]:

*Vóta 19 — Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí (Meastachán Forlíontach).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le

Estimates for Public Services [2009]:

*Vote 19 — Justice, Equality and Law Reform (Supplementary Estimate).*

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December,

P.T.O.

haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

2009, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Justice, Equality and Law Reform, Probation Service staff and of certain other services including payments under cash-limited schemes administered by that Office, and payment of certain grants and grants-in-aid.

*Vóta 20 — An Garda Síochána (Meastachán Forlíontach).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €30,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, lena n–áirítear pinsin, etc.; le haghaidh íocaíochtaí cúitimh agus costas eile i leith seirbhíse sna Caomhnóirí Áitiúla, chun costais finnéithe áirithe a íoc, agus chun deontas-i-gcabhair a íoc.

*Vote 20 — Garda Síochána (Supplementary Estimate).*

That a supplementary sum not exceeding €30,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for the salaries and expenses of the Garda Síochána, including pensions, etc.; for payments of compensation and other expenses arising out of service in the Local Security Force, for the payment of certain witnesses' expenses, and for payment of a grant-in-aid.

*Vóta 22 — An tSeirbhís Chúirteanna (Meastachán Forlíontach).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh na dtuarastal agus na gcostas sin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirear ar an bPríomh-Chiste.

*Vote 22 — Courts Service (Supplementary Estimate).*

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for such of the salaries and expenses of the Courts Service and of the Supreme Court, the High Court, the Special Criminal Court, the Circuit Court and the District Court and of certain other minor services as are not charged to the Central Fund.

*Vóta 27 — An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Meastachán Forlíontach).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

*Vote 27 — Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs (Supplementary Estimate).*

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs, for certain services administered by that Office, and for the payment of certain grants.

*Vóta 30 — Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha (Meastachán Forlíontach).*

*Vote 30 — Communications, Energy and Natural Resources (Supplementary Estimate).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus ildeontais-i-gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead-teoranta a íoc.

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Communications, Energy and Natural Resources, including certain services administered by that Office, and for payment of certain grants and sundry grants-in-aid, and for the payment of certain grants under cash-limited schemes.

*Vóta 31 — Talmhaíocht, Iascach agus Bia (Meastachán Forlíontach).*

*Vote 31 — Agriculture, Fisheries and Food (Supplementary Estimate).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus Choimisiún Talún na hÉireann agus chun deontais, fóirdheontais agus ildeontais-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead-teoranta a íoc.

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Agriculture, Fisheries and Food, including certain services administered by that Office, and of the Irish Land Commission and for payment of certain grants, subsidies and sundry grants-in-aid and for the payment of certain grants under cash-limited schemes.

*Vóta 34 — Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht (Meastachán Forlíontach).*

*Vote 34 — Enterprise, Trade and Employment (Supplementary Estimate).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €1,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontas-i-gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead-teoranta a íoc.

That a supplementary sum not exceeding €1,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Enterprise, Trade and Employment, including certain services administered by that Office, for the payment of certain subsidies, grants and a grant-in-aid, and for the payment of certain grants under cash-limited schemes.

*Vóta 37 — Arm-Phinsin (Meastachán Forlíontach).*

*Vote 37 — Army Pensions (Supplementary Estimate).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €7,200,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh pá scoir, pinsean, cúitimh, liúntas agus aiscí is iníoctha faoi reachtanna iolartha le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann

That a supplementary sum not exceeding €7,200,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for retired pay, pensions, compensation, allowances and gratuities payable under sundry statutes to or in respect

agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin; agus le haghaidh ilranníocaí agus ilchostas i ndáil leo sin; le haghaidh liúntas eisreachtúil áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus le haghaidh ildeontas.

of members of the Defence Forces and certain other Military Organisations, etc., and for sundry contributions and expenses in connection therewith; for certain extra-statutory children's allowances and other payments and for sundry grants.

*Vóta 40 — Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Meastachán Forlíontach).*

*Vote 40 — Health Service Executive (Supplementary Estimate).*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €254,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2009, le haghaidh thuarastail agus chostais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na Feidhmeannachta, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

That a supplementary sum not exceeding €254,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2009, for the salaries and expenses of the Health Service Executive and certain other services administered by the Executive, including miscellaneous grants."

*—An tAire Airgeadais.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**47.** An Bille Uchtála 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Adoption Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

---

## MEMORANDA

*Déardaoin*, 26 *Samhain*, 2009
*Thursday*, 26*th November*, 2009

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on European Affairs in Committee Room 2, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, LH2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 10 a.m.

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

*Statutory:*

1) An Coiste Gairmoideachais: Contae an Chláir - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007.

1) Vocational Education Committee: County Clare - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2007.

2) An Coiste Gairmoideachais: Contae Phort Láirge - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007.

2) Vocational Education Committee: County of Waterford - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2007.

3) An Coiste Gairmoideachais: Contae Liatroma - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.

3) Vocational Education Committee: County Leitrim - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.

4) An Coiste Gairmoideachais: Cathair Phort Láirge - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007.

4) Vocational Education Committee: City of Waterford - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2007.

5) An Coiste Gairmoideachais: Dún Laoghaire - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.

5) Vocational Education Committee: Dún Laoghaire - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.

6) An Coiste Gairmoideachais: Cathair Luimnigh - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007.

6) Vocational Education Committee: City of Limerick - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2007.

7) An Coiste Gairmoideachais: Contae na Gaillimhe - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.

7) Vocational Education Committee: County Galway - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.

8) An Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV. Tuarascáil Bhliantúil, 2008.

8) Hepatitis C and HIV Compensation Tribunal. Annual Report, 2008.

9) Údarás na Gaeltachta. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais, 2008.

9) Údarás na Gaeltachta. Annual Report and Accounts, 2008.

10) An tAonú Tuarascáil Déag ón Aire Airgeadais maidir le Saoráil Faisnéise. Eanáir go Nollaig, 2008.

10) Eleventh Report by the Minsister for Finance on Freedom of Information. January to December, 2008.

11) Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2000/265/CE maidir le bunú rialacháin airgeadais lena rialaítear gnéithe buiséadacha na bainistíochta ag Leas-Ardrúnaí na Comhairle, ar chonarthaí a thugtar chun críche ina ainm, thar ceann Ballstát áirithe, agus a bhaineann le suiteáil agus feidhmiú an bhonneagair cumarsáide do thimpeallacht Schengen, 'SISNET' mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. Doiciméad 13382/1/09 REV 1 ón gComhairle.

11) Draft Council Decision amending Decision 2000/265/EC on the establishment of a financial regulation governing the budgetary aspects of the management by the Deputy Secretary-General of the Council, of contracts concluded in his name, on behalf of certain Member States, relating to the installation and the functioning of the communication infrastructure for the Schengen environment, 'SISNET' together with explanatory information note. Council Document 13382/1/09 REV 1.

12) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh i dtaca leis an togra chun pleananna gníomhaíochta Réigiúnacha a ghlacadh i gcreat chur i bhfeidhm Airteagal 15 den Phrótacal chun an

12) Proposal for a Council Decision establishing the position to be adopted on behalf of the European Community with regard to the proposal for the adoption of Regional action plans in the framework of the implementation of Article 15 of the Protocol for the Protection of the

Mheánmhuir a Chosaint ar Thruailliú ó Fhoinsí agus ó Ghníomhaíochtaí Talamhbhunaithe mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2009) 537.

Mediterranean Sea against Pollution from Land-Based Sources and Activities together with explanatory information note.
COM (2009) 537.

13) Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais, 2008.

13) Dublin Docklands Development Authority. Annual Report and Accounts, 2008.

14) Cinneadh ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim. [Dréacht] [An Roinn Airgeadais].

14) Council Decision on the use of information technology for customs purposes [Draft] [Department of Finance].

*Neamhreachtúil:*

*Non-Statutory:*

1) An tOrdú um Acht an Aontais Eorpaigh 2009 (Tosach Feidhme) 2009 (I.R. Uimh. 451 de 2009).

1) European Union Act 2009 (Commencement) Order 2009 (S.I. No. 451 of 2009).

2) Meastacháin. Meastacháin fhorlíontacha, don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2009:-
Vóta 19 — Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí (€1,000).
Vóta 20 — An Garda Síochána (€30,000,000).
Vóta 22 — An tSeirbhís Chúirteanna (€1,000).
Vóta 27 — An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (€1,000).
Vóta 30 — An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (€1,000).
Vóta 31 — Talmhaíocht, Iascach agus Bia (€1,000).
Vóta 34 — Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht (€1,000).
Vóta 37 — Arm-Phinsin (€7,200,000).
Vóta 40 — Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (€254,000,000).

2) Estimates. Supplementary, for the year ending 31 December, 2009:-
Vote 19 — Justice, Equality and Law Reform (€1,000).
Vote 20 — Garda Síochána (€30,000,000).
Vote 22 — Courts Service (€1,000).
Vote 27 — Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs (€1,000).
Vote 30 — Department of Communications, Energy and Natural Resources (€1,000).
Vote 31 — Agriculture, Fisheries and Food (€1,000 ).
Vote 34 — Enterprise, Trade and Employment (€1.000).
Vote 37 — Army Pensions (€7,200,000).
Vote 40 — Health Service Executive (€254,000,000).

3) Meastachán Athbhreithnithe Breise i gcomhair na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2009.

3) Further Revised Estimate for the Department of Communications, Energy and Natural Resources, 2009.

4) Meastachán Athbhreithnithe Breise i gcomhair na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, 2009.

4) Further Revised Estimate for the Department of Enterprise, Trade and Employment, 2009.

5) Tithe an Oireachtas. An Comhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan. Tuarascáil ar Thairiscint maidir le Ceadú beartaithe ag

5) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights. Report on Motion re. Proposed approval by Dáil Éireann and

Dáil Éireann agus Seanad Éireann i ndáil le Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Sonraí Teachtaireachtaí Airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú.Samhain 2009.

Seanad Éireann for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and the United States of America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme. November 2009.

6) Tithe an Oireachtas. An Comhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan. Tuarascáil ar Thairiscint maidir le Ceadú Beartaithe ag Dáil Éireann agus Seanad Éireann i ndáil le togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus maidir le híospartaigh a chosaint, lena n-aisghairtear Creat-Chinneadh 2002/629/JHA. Samhain 2009.

6) Houses of the OireachtasJoint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights Report on Motion re. Proposed approval by Dáil Éireann and Seanad Éireann of a proposal for a Council Framework Decision on preventing and combating trafficking in human beings, and protecting victims, repealing Framework Decision 2002/629/JHA. November 2009.

7) Tithe an Oireachtas.An Comhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan. Tuarascáil ar Thairiscint maidir le Ceadú Beartaithe ag Dáil Éireann agus Seanad Éireann i ndáil le togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i ndáil le nithe coiriúla.
Samhain 2009.

7) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights Report on Motion re. Proposed approval by Dáil Éireann and Seanad Éireann of a proposal for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and Japan on mutual legal assistance in criminal matters. November 2009.

8) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan.Tuarascáil ar Thairiscint maidir le Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann agus Seanad Éireann i ndáil le togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le soláthróirí seirbhísí dlí-eolaíochta a sheolann gníomhaíochtaí saotharlainne a Chreidiúnú. Samhain 2009.

8) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights. Report on Motion re. Proposed approval by Dáil Éireann and Seanad Éireann of a proposal for a Council Framework Decision on Accreditation of forensic service providers carrying out laboratory activities. November 2009.